

1. Cuir an cupán ar an mbord. Put the cup on the table.  
**Chuir** mé an cupán ar an mbord. I **put** the cup on the table.  
**Níor chuir** mé an cupán ar an mbord. I **didn't put** the cup on the table.  
**Ar chuir** tú an cupán ar an mbord? **Did you put** the cup on the table?  
**Nár chuir** tú an cupán ar an mbord? **Didn't you put** the cup on the table?  
**Chuir.** Yes (**put**).  
**Níor chuir.** No (**didn't put**).
2. **Cár chuir** tú an cupán? **Where did you put** the cup?  
**Chuir** mé ar an mbord é. I **put** it on the table.  
**Cár chuir** tú an ghloine? **Where did you put** the glass?  
**Chuir** mé sa chistin í. I **put** it in the kitchen.
3. **Ar fhág** tú an cupán ar an urlár? **Did you leave** the cup on the floor?  
**D'fhág / Níor fhág** Yes (**left**) / No (**didn't leave**).  
**Ar ól** tú an bainne? **Did you drink** the milk?  
**D'ól / Níor ól.** Yes (**drank**) / No (**didn't drink**).  
**Ar ith** tú an t-úll? **Did you eat** the apple?  
**D'ith / Níor ith** Yes (**ate**) / No (**didn't eat**)  
**Níor ith** mé é. **D'ith** Seán é. I **didn't eat** it. John **ate** it.  
**Níor ith** mé rud ar bith. I **didn't eat** anything.
4. Cad a **rinne** tú inniu? What **did you do** today?  
**D'éirigh** mé ar maidin. I **woke up** in the morning  
go moch (ar maidin) early (in the morning)  
go déanach late  
**D'ith** mé arán le h-im. I **ate** bread with butter.  
**D'ól** mé cupán tae. I **drank** a cup of tea.  
**D'oscail** mé an doras. I **opened** the door.  
**Chuaigh** mé amach. I **went** out.  
**Dhún** mé an doras. I **closed** the door.  
**D'fhág** mé an teach. I **left** the house.  
**Shiúil** mé sa pháirc. I **walked** in the park.

inniu	today	aréir	last night
inné	yesterday	anuraidh	last year
maidin inniu	this morning	maidin inné	yesterday morning

### Comhrá 1

D: A Mháire!

M: Sea, a Dhaidí?

D: **Ar chuir** tú an cupán ar an mbord?

M: **Chuir**. Tá sé ar an mbord anois.

D: **Ar chuir** tú an ghloine ar an mbord?

M: **Níor chuir**. Tá sí sa chistin fós.

### Comhrá 2

A: Cá bhfuil an t-úll?

B: **D'ith** mé é. Is breá liom úlla.

A: **Ar ól** tú an tae freisin?

B: **Níor ól**. Ní maith liom an tae.

A: **Cár chuir** tú é?

B: **D'fhág** mé sa chistin é.

### Comhrá 3

S: Dia duit a Nuala!

N: Dia 's Muire duit, a Sheáin!

S: Conas atá tú?

N: Tá tuirse orm.

S: **Ar éirigh** tú go moch ar maidin?

N: **D'éirigh**.

S: **Ar ith** tú rud ar bith?

N: **Níor ith**, ach **d'ól** mé cupán tae.

### Comhrá 4

A: **Ní raibh** tú sa bhaile ar maidin.

B: **Ní raibh**. **D'fhág** mé an teach go moch.

A: Cad a **rinne** tú ar maidin?

B: **D'ól** mé cupán tae  
agus **shiúil** mé sa pháirc.

A: **Nár ith** tú an bricfeasta?

B: **D'ith**. **D'ith** mé arán le h-im.

### Conversation 1

Mary!

Yes, Daddy?

**Did you put** the cup on the table?

Yes (**put**). It's on the table now.

**Did you put** the glass on the table?

No (didn't put). It's still in the kitchen.

### Conversation 2

Where's the apple?

I **ate** it. I love apples.

**Did you drink** the tea, too?

No (**didn't drink**). I don't like the tea.

**Where did you put** it?

I **left** it in the kitchen.

### Conversation 3

Hi, Nuala!

Hi, Sean!

How are you?

I'm tired.

**Did you get up** early in the morning?

Yes (**got up**).

**Did you eat** anything?

No (**didn't eat**), but I **drank** a cup of tea.

### Conversation 4

You **weren't** at home in the morning.

No (**wasn't**). I **left** the house early.

What **did you do** in the morning?

I **drank** a cup of tea

and **walked** in the park.

**Didn't you eat** breakfast?

Yes (**ate**). I **ate** bread with butter.

**Amhrán**

**Song**

(ó "Irish Heartbeat")

<b>Tá Mo Chleamhnas Déanta</b>	<b>My Match Was Made</b>
Tá mo chleamhnas déanta ó arú aréir	My match has been made since the night before last
's ní mó ná go dtaithníonn an bhean liom féin	and the woman hardly pleases myself
ach fágfaidh mé i mo dhiaidh í	but I'll leave her behind me
'gus imeoidh mé liom féin	and I'll take off by myself
ar fud na gcoillte craobhach.	throughout the branching woods.
<b>Shiúil</b> mise soir agus <b>shiúil</b> mise siar.	I <b>walked</b> east and I <b>walked</b> west.
<b>Shiúil</b> mise Corcaigh 'gus sráide Bh'l'áth Cliath,	I <b>walked</b> Cork and the streets of Dublin,
ach samhail de mo chailín deas ní <b>fhaca</b> mise riamh.	but the likeness of my lovely girl I never <b>saw</b> .
'Sí an bhean dubh a <b>d'fhág</b> mo chroí cráite.	She's the black-haired woman who <b>left</b> my heart broken.
<b>D'éirigh</b> mé ar maidin dhá uair roimh an lá	I <b>awoke</b> in the morning two hours before the day
'gus <b>fuair</b> mé litir ó mo mhíle grá.	and I <b>got</b> a letter from my true love.
'gus <b>chuala</b> mé an smóilín 's an londubh á rá	I <b>heard</b> the little thrush and the blackbird say
gur <b>éalaigh</b> mo ghrá thar sáile.	that my love had <b>fled</b> over the ocean.

